

ROINNT LUSAINMNEACHA AS FOCLÓIR AN  
PHLUINCÉADAIGH

NODA

[Baile Átha Cliath ionad an fhoilsithe mura luaitear a mhalairt.]

- AÓS Liosta luibheanna le hAmhlaoibh Ó Súilleabháin, ARÉ LS 23 I 21  
 APA *Ainmneacha plandaí agus ainmhithe* (1978)  
 Ar R. A. Armstrong, *A Gaelic dictionary* . . . (London 1825)  
 ARÉ Acadamh Ríoga na hÉireann  
 Cam J. Cameron, *Gaelic names of plants (Scottish and Irish)* (Edinburgh 1883)  
 CCTC S. Mac Maoláin, *Cora cainnte as Tír Chonaill* (1933)  
 CIS *Clare Island survey, Royal Irish Academy Proc.* 31 I (1911)  
 CPÉ M. J. P. Scannell, D. M. Synott, *Census catalogue of the flora of Ireland : Clár de phlandaí na hÉireann* (1987)  
 DIL *Dictionary of the Irish language* (1913–76)  
 Dw E. Dwelly, *The illustrated Gaelic-English dictionary* (Glasgow 1920)  
 Eg. 158 Leabharlann na Breataine: LS Egerton 158, eag. W. Stokes, *Archiv für celtische Lexicographie* 3 (1907)  
 EID T. de Bhaldraithe, *English-Irish dictionary* (1959)  
 FAD C. Beckett, *Fealsúnacht Aodha Mhic Dhomhnaill* (1967)  
 FFG T. de Bhaldraithe, *Foirisiún focal as Gaillimh* (1985)  
 FG F. Gouldman, *Copious dictionary in three parts* (London 1674)  
 FGB N. Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* (1977)  
 GWSU J. L. Campbell, *Gaelic words and expressions from South Uist and Eriskay, collected by Fr. Allan McDonald of Eriskey (1859-1905)* (1958)  
 Hart H. C. Hart, *Flora of the County Donegal* (1898)  
 HSD Highland Society of Scotland, *Dictionary of the Gaelic language* (Edinburgh 1828)  
 K J. K'eogh, *Botanologia universalis Hibernica* (Cork 1735)  
 LASID H. Wagner, *Linguistic atlas and survey of Irish dialects I-IV* (1958–69)  
 Ld E. Lhuyd, 'Foclóir Gaoidheilge-Shagsonach', in *Archaeologia Britannica* (Oxford 1707)  
 Ld(CV) 'A comparative vocabulary', *ibid.*  
 MacB A. Mac Bain, *An etymological dictionary of the Gaelic language* (Glasgow 1896)  
 MÓC M. Ó Cléirigh, *Foclóir no sanasan nua* (Lobháin 1643)  
 ÓBg. C. Ó Beaglaoich agus Aodh Buidhe Mac Cuirtin, *An foclóir Béarla Gaoidheilge* (Paris 1732)  
 ÓBr J. O'Brien, *Foclóir Gaoidhilge-Sax-Bhéarla* (Paris 1768)  
 ÓC E. O'Curry, 'Irish plant names', ARÉ LS 3 A 12 (1840).  
 ÓD P. S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (1927)  
 OED *Oxford English dictionary* (1933)  
 ÓN T. Ua Neachtain, [Foclóir Gaedhilbhéarlach] 1739: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, LS 1280 (H.1.6)  
 ÓN2 Liosta lusainmneacha Béarla-Gaeilge mar aguisín le ÓN  
 ÓN3 Liosta lusainmneacha Laidin-Gaeilge mar aguisín le ÓN  
 ÓR E. O'Reilly, *An Irish-English dictionary* (1821)  
 Pl R. Pluincéad, 'Vocabularium Latinum et Hibernum' (1662):  
 Leabharlann Mharsh, Baile Átha Cliath, LS Z4.2.5  
 RBÉ Roinn Bhéaloideas Éireann, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath

Reachl	N. M. Holmer, <i>The Irish language in Rathlin Island, Co. Antrim</i> (1946)
RG	L. U. Lúcas, <i>Cnuasach focal as Ros Goill</i> (1986)
Ró	S. Mac Clúin, <i>Réilthíní óir</i> (1922)
Sh	W. Shaw, <i>A Galic and English dictionary</i> (London 1780)
Thr	C. Threlkeld, <i>Synopsis stirpium Hibernicorum</i> (1727)
W	W. Wade, <i>Catalogus systematicus plantarum indigenarum in Comitatu Dublinensi inventarum</i> (1794)
Zoil	T. de Bhaldraithe, 'Irish names of birds, plants, animals . . .', in <i>Selections from the Zoilomastix of Philip O'Sullivan Beare</i> (eag. T. J. O'Donnell, 1960) app. A (lgh xxxvii–liv)

**I**S É PRÍOMHAIDHM an ailt seo aird a tharraingt ar Fhoclóir Laidin–Gaeilge (1662) an Phluincéadaigh mar fhoinsé lusainmneacha, agus ar an anáil a bhí aige ar fhoclóirithe a lean é. Toisc gur ag aistriú Béarla foclóirí réimsiúla Laidine a bhí an Pluincéadach, tá lear mór lusainmneacha sa bhfoclóir aige, ainneoin gur fhág sé ar lár cuid mhaith ainmneacha Laidine nár bhain le lusra na nÉireann. Níorbh fhurasta liosta iomlán de na lusainmneacha Gaeilge a chur le chéile go dtí go gcuirfí an foclóir Laidin–Gaeilge droim ar ais, rud nár rinneadh fós. Mar sin, níl anseo ach an beagán a thugas faoi deara a bhaineann le hábhar an ailt seo. Ní liostálar anseo ach focal (i) nach bhfuil in DIL, (ii) a bhfuil difríocht shuntasach idir é agus an leagan atá in DIL, (iii) gur léir gur ó Pl, trí fhoinsí tánaisteacha a fuair DIL é. Bhí eolas cruinn fairsing ag an bPluincéadach ar lusainmneacha, mar is léir óna bhfuil d'ainmneacha aige atá ag teacht go cruinn leis na hainmneacha atá ar eolas go coitianta agus a bhfuil cuid acu in DIL. Ní hiad sin na hainmneacha a bheidh i gceist anseo.

Ní dhéantar aon iarracht anseo ar chruinneas na Gaeilge i leith na Laidine a iniúchadh, mar nach luibheolaí, ach aineolaí sa chúrsa, scríbhneoir an ailt seo. Abhar mearbhaill don aineolaí, agus uaireanta don saineolaí féin, an éiginnteacht agus an fhairsinge céille a bhíodh ag baint leis na hainmneacha Laidine (roimh aimsir Linnaeus), chomh maith leis na hainmneacha Béarla. Ba mhinic an t-ainm céanna ar lusanna éagsúla, agus ainmneacha éagsúla ar an lus céanna, agus ar ndóigh baineann sin leis na hainmneacha Gaeilge freisin.

#### FOINSÍ NA LAIDINE

Ní insíonn an Pluincéadach cé na foinsí Laidine a bhí aige, ach déanann sé tagairtí do dhá fhoclóir ó áit go chéile i gcorp an leabhair, ceann Thomas Thomas (a chéadfhoilsíodh 1587), agus ceann John Rider (a chéadfhoilsíodh 1589). Foilsíodh cuid mhaith eagráin éagsúla den dá fhoclóir roimh 1662, ach níl a fhios agam cé na heagráin a bhí ag an bPluincéadach. Cé gur mar a chéile go beacht roinnt de na hailt in Rider agus in Thomas, feictear dom gurb é Thomas príomhfhoinsé an Phluincéadaigh, agus is é a mhíniú Béarla sin a thugtar anseo thíos (idir lúibíní). Is é is dóichí gur bhain Pl leas as foclóirí Laidine seachas an

dá cheann sin a luann sé, mar tá ceannfhocail Laidine aige nach bhfuil i gceachtar acu. Ní raibh teacht agam ar Rider agus an t-alt seo á chur le chéile agam, agus dá bharr sin sa chás nach bhfuil an t-ainm Laidine in Thomas is as foclóir Francis Gouldman (eagrán 1673) a bhaineas an míniú Béarla. (Cé gur in 1664 a céadfhoilsíodh an foclóir sin is léir i gcás cuid de na hailt ann go raibh an bhunfhoinse chéanna aige agus ag Pl.)

#### AINMNEACHA BARÁNTÚLA NÓ CUMADÓIREACHT?

Tá idir ainmneacha barántúla agus ainmneacha a cumadh ar an liosta seo. I gcás na luibhe nach raibh ainm Gaeilge uirthi, ní bhíodh de rogha ag an bPluincéadach ach dul i muinín na cumadóireachta, sin nó an ceannfhocal Laidine a fhágáil ar lár, rud a rinne sé go minic, nó sainmhíniú de shórt éigin a thabhairt, rud a rinne sé corruair. Uaireanta ní bhíonn sa sainmhíniú ach aistriúchán ar Bhéarla an fhoclóra Laidine, e.g. *musa*, *gné chrainn go nduilleibh comhmhóra agus sin go dtillfeadh leanbh bliaghanna a naonduille dhe*, aistriúchán ar 'The Mose tree whose leaves are so large that a child of a year old may be wrapped in one of them' FG. Is furasta an t-ainm cumtha a aithint uaireanta, ach uaireanta eile ní furasta. Ní mór slata tomhais a aimsiú le barántúlacht na n-ainmneacha a chinntiú chomh maith agus is féidir. Is í an tslat tomhais is fearr an t-ainm (nó leagan de) a bheith i gcaint shinseartha na Gaeltachta, rud is fíor i dtaobh cuid acu, e.g. *bolgán béice*, *broimfhéar*, *caol fáil*, *carrán*, *coiseog*, *críoch*, *duilleog bháite*, *eorna mhór (bheag)*, *feadh*, *fionntarnach*, *luibhearnach*, *pincín*, *piorra*, *pis chapaill*, *siobhars*, *slab(p)ar*, *slata mara*. Dá mbeadh eolas níos fairsinge againn ar theanga na Gaeltachta, is cinnte go bhféadfaí cur leis an liosta sin.

Is féidir a bheith muiníneach as barántúlacht an ainm má tá sé le fáil freisin i bhfoinsí nár tháinig faoi anáil Pl, go díreach nó go neamhdhíreach, mar shampla Zoil a scríobhadh sa Spáinn thart faoi 1625–26, agus a bhfuil ainmneacha ann a fhreagraíonn d'ainmneacha Pl, e.g. *bogluachair*, *bréandraighean*, *cnú francach*, *comann miolla*, *cruadhluachair*, *eorna bheag/mhór*, *meaca buí*, *poimpín*, *turnap*, *tromán*.

Is fianaise ar bharántúlacht ainm freisin, dar liom, é a bheith ag Threlkeld. Cé nach bhfuil a fhios cén lámhscríbhinn ar bhain seisean leas aisti, níl aon chúis ann nach gcreidfe é nuair a deir sé: 'As to the Irish names, I copyed them from a manuscript which bears great authority with me and seems to be written sometime before the Civil Wars of 1641, and probably by that Revd. Irish Divine Mr. Heaton who is quoted by Dr. How in the Phytologia Britannica . . .' (Thr, lch c). Thairis sin, níl aon chosúlacht ar litriú Thr go raibh aon phlé ag an údar le Pl ná le Ld. Ní ábhar amhrais ach oiread, ainm a bhfuil blas an-dúchasach air agus nach aistriúchán ar an mBéarla ná ar an Laidin é, e.g. *crúba caít*, *cuigéal mhná síghe*, *caoch na gcearc*, *folcaire fiadháin*, *féithleog fa chrann*. Sa chás a bhfuil iliomad foirmeacha le fáil ar an ainm amháin ó cháipéis go chéile, is é is dóichí gur iarracht ar ainm ón gcaint é leagan Pl agus nach cumadóireacht é, e.g. *comann searraig*, *caba ghiosáin*, *úrach*

*bhallach*, *dathogh* (féach ar an liosta thíos). Is deacair a dhearbhu an cumadóireacht cuid de na hainmneacha a tháinig ón mBéarla (e.g. *airtiseog*, *brúm*, *cód*, *bhghilead*, *fuistean*, *hulcas*, *príbhéad*, *rúbarb*, *sailéad*, *saitín*) nó an focail Bhéarla iad a bhí sa chaint ag Gaeilgeoirí ar nós na bhfocal ar chuir Pl ‘mar a dearthar go coitcheann’ leo, e.g. *maireagold*, *rós mairi*. Déantar tagairtí sa liosta thíos d’fhoinsí, idir leabhair agus lámhscríbhinní, a mheastar a thacaíonn le barántúlacht ainmneacha.

Ach cumadóireacht shoiléir atá i gcuid de na hainmneacha, a bunaíodh ar an mBéarla, e.g. *buail-líle* (water lily), *geilphiobar* (white pepper), *bior-rós* (water rose), *ríphingin* (pennyroyal), *coinbhíle* (dog-tree), *geanmchnú* (chestnut, trí mhíthuisicint an phobail ar bhí an Bhéarla), *glanshúil* (clary, clear-eye), *lear-uinneún* (sea onion), *iothrós* (corn-rose), *meagchnú* (nutmeg), *tlachtmhúch* (earthsmoke).

Uaireanta is gaelú ar an Laidin atá sa chumadóireacht, e.g. *gnafail* (gnaphalium), *poibheal* (populus), *peirseog* (persica), *rúisg* (ruscus), *rumpóid* (rumpotium), *síodhon* (cydonia). Aistriú ar an Laidin atá in ainmneacha eile, e.g. *cnú ghréagach* (nux Graeca), *mardhrúcht* (ros marinus), *sailchríún* (lupus salictarius).

Níl aon amhras nach cumadóireacht na focail inar oibrigh an Pluincéadach focail sheanda as Sanasán Mhichíl Uí Chléirigh, focail nach dtuigfeadh ach lucht léinn lena linn, e.g. *baiscne*, *basc*, *bath*, *bior*, *bód*, *cais*, *cal*, *caomh*, *criún*, *earc*, *eo*, *flann*, *fuin*, *gil*, *ith*, *lear*, *ló*, *marc*, *seac*, *tlacht*, *uim*. Ní mór a mheabhrú freisin go mbíodh fonn cumadóireachta air agus nár leor leis uaireanta focal ceart bunúsach a bheith aige gan focal cumtha ‘léannta’ a chur leis, e.g. (an dá fhocal aige) *subh talmhan*, *tlachtshubh*; *maide milis*, *earcmhaide*; *cogal*, *iothrós*; *hapa*, *sailchríún*; *féar tirim*, *sicfhéar*; *tlachtmhúch*, *uimdheatach* nó *comann searraigh* (mar a dearthar go coiteann); *duilleog bháite*, *buail-líle*, *biorrós*.

#### ANÁIL AN PHLUINCÉADAIGH

Ainneoin nár cuireadh Pl i gcló riamh, ar éigean atá foclóir nó liosta lusainmneacha, idir Ghaeilge is Ghàidhlig, a rinneadh ina dhiaidh nach bhfuil lorg a chuid ainmneacha air, idir ainmneacha barántúla, chinn chumtha, agus bhotúin a d’eascair astu.

Léireofar anseo thíos an lorg sin ar phríomhfhoclóirí na Gaeilge agus luathfhoclóirí na Gàidhlig.

Tá tuairim leathchéad de na hainmneacha seo ar chumadóireacht iad, dar liom, in ÓD agus tuairim is deich gcinn fhichead acu in FGB. Orthu sin tá riar ainmneacha crann in -óg (e.g. *ailmeog*, *airneog*, *barbróg*, *beathóg*, *cufróg*, *lóiteog*, *labhróg*, *maisteog*, *piorróg*, *plumóg*), agus comhfhocail a bunaíodh ar fhocail ársa Mhichíl Uí Chléirigh (e.g. *bior-rós*, *buail-líle*, *coinbhíle*, *conbhaiscne*, *sicfhéir*, *tlachtshubh*). Luann DIL féin cuid acu, agus gan ach foinsí tanaisteacha leo (idir lúibíní anseo), e.g. *barbróg* (Eg. 158), teileag (HSD), focail is dóigh a chum Pl. Luann DIL freisin *bailleóc*, *blíosán*, mílitríú a chuir Ld ar *bachlóg*, *blíochtán* a fuair sé in Pl.

Ghlac scoláirí ar nós Eoghain Uí Chomhraidhe<sup>1</sup> agus Edmund Hogan<sup>2</sup> le cuid mhór de shaothar an Phluincéadaigh, agus de na botúin a shíolraigh uaidh, e.g. *batrós* (< *bathrós*), *buailite* (< *buail-lile*), *bliosán* (< *bliochtán*).

Rinne foclóirithe Gàidhlig a gcuid féin de lusainmneacha an Phluincéadaigh. Ní bhactar ach leis an gcuid is sine díobh a lua thíos. Go fiú lucht sanasaíochta na Gàidhlig, spreagadh iad chun fantasaíochta. Seo mar a mhíniúnn Cameron bunús an fhocail *buail-lite*: ‘. . . some plants were supposed to facilitate the fairy spell, and would cause the individual to be fairy “struck” or “buillite”. The water-lily was supposed to possess this power hence its names “*Buillite*”, and “*Rabhagach*” meaning “beware”, “warning”’. Ag míniú *bliosán*, deir sé ‘*Bliosán*, not unlikely to be a contraction form *bli-liosan*, – *bli* (*bligh*), milk (with its florets milk was formerly coagulated); and *lios*, a garden’. Mar seo a rianaigh MacBain é: ‘*bliosán*: *blig-s-án* ‘milk curdler?’. Its florets were used for curdling’.

B’fhéidir go gcuirfeadh an liosta seo thíos – nach bhfuil ann ach bunábhar gan saothrú – an scoláire Gaeilge ar a aire agus é ag plé le lusainmneacha na bhfoclóirí, agus go dtabharfadh sé cúnaimh beag don luibheolaí le gortghlanadh a dhéanamh ar a bhfuil de luifearnach ina measc.

- abhallóg**, *malus* (*An apple tree*), *pomus* (*An apple tree or other fruit tree*); **a. fhiadhain**, *arbutus* (*A wilding or crabbe tree . . .*). *Abhalog* ÓN2 s.v. ‘apple tree’. Cf. *ablacóg* DIL.
- ailmeog**, *ulmus* (*The elme tree*). *id.* Ld(CV) s.v. ‘ulmus’, Sh, W, ÓR, ÓD. Bunaithe ar *ailm*, focal ar ghlac gluaiseoirí go coitianta leis mar ainm ar an gcrann giúise. Tá gach dealramh le hargóint Dhamien McManus (*Ériu* 39 (1988) 161) nárbh ainm crainn riamh *ailm*, ach ainm litre. Mar aistriú ar ‘ulmus’, is dóigh, faoi anáil an Bhéarla *elm*.
- áirneog**, *prunus* (. . . *a sloe*), *spinus* (*A sloe tree, a black thorne or snag tree*). *id.* Ld(CV); *airneag* Sh; *airneog*, ‘a sloe’ ÓR, FGB; *áirneog* ÓD. Cf. *airneachán* DIL.
- airtiseog**, *ascalia* (*An artichoke bottom* FG), *cynara* (*Artichoke*).
- alasdrrann**, *equapium* (. . . *alisander or lovage*). Cf. *ailístrin* Thr.
- albhast**, *alabastrus* (*The bud of a rose*).
- almar** (*no mar a dearthar go coitcheann*) **almond**, *amygdala* (*An almond tree, also an almond* FG). Cf. *almont* DIL.
- bachlóg**, *calyculus* (*A litle budde*). > *bailóg* Ld, ÓBr; *baileog*, *bailleog* ÓR, ÓD; *bailleóc* DIL.
- bailm** no **baghams**, *cytrago* (. . . *Balme*). *Bailm* Ld, Sh, ÓBr (agus *balm*, *balsam*); *báilm* ÓR. Cf. *balsam(m)* DIL.
- bailmeog**, *balsamam* (*The baulme tree . . .*). Féach freisin **balmóg**.
- bairbhleog**, *crispinus* (*crispinus*) (*The holy Thorn tree, the gooseberry or Barberry tree* FG). Féach freisin **barbróg**, **crann barbras**.
- baiscbbhiatas**, *erythios* (. . . *Redde Beats*). < *basc* (.i. *dearg* MÓC) + *biatas*.
- baiscille**, *crinon* (*A red lile . . .*). < *basc* (.i. *dearg* MÓC) + *lile*.

<sup>1</sup> ‘Irish plant names’, ARÉ, LS 3 A 12 (1840).

<sup>2</sup> Féach E. Hogan, J. Hogan, J. C. MacErlean, *Luibhleabhrán: Irish and Scottish Gaelic names of herbs, plants, trees, etc.* (1900).

- baiscneach**, arboretum (. . . a grove, . . .). < *baiscne* (.i. *bile* MÓC) + *-ach*, iarmhír cnuasainm.
- baiscín**, arbuscula (*A little tree* . . .).
- baláiseog**, prunus (*A damson or plum tree; a sloe*).
- balás**: crann balás.
- balmóg**, balsamum (*The baulme tree* . . .). Féach freisin **bailmeog**.
- balsaimit** (.i. *luibh go bhfad 7 go méid lile 7 go nduilleúr amhail ruibhe ag fás amháin sa nInnia 7 sa nÉgipt*), balsamita (*An hearb of the length and bigness of a Lillie, with a leaf like Rue, growing onlie in India and Egypt*).
- banraith**, **banraithneach**, thelypteris (*She ferne, female ferne*). Cf. *raith* .i. *raithneach* MÓC.
- barbróg**, berberis (*The barberry tree* FG). id. Ld, Sh (-og), ÓN, ÓBr, ÓR, ÓD, FGB, CPÉ. id. DIL ach gan d'fhoirse leis ach Eg. 158 (a scríobhadh 1736–9) ar as Pl a shíolraigh. Cf. *barbrúch* DIL.
- barróg**, virga (*A rodde, a yard, a twigge or young branch* . . .). id. 'a rod or switch' ÓN, ÓR, 'a rod, a twig' ÓD.
- bascrós**, milesia rosa (*The red rose* FG). < *basc* (.i. *dearg* MÓC) + *rós*.
- bathrós**, rosmarinus (*Rosmarie*). *Batrós* Ld, Sh, ÓBr, ÓR, ÓC. < *bath* (.i. *muir* MÓC) + *rós*. Chuaigh an focal *rós* i bhfeidhm ar chumadh an fhocail seo, faoi anáil an Bhéarla a raibh an leagan *rosemary* ann; ach thuig Pl ciall na Laidine, mar is léir ó **mardhrúcht** thíos.
- béac**, boletus (*A mushrome, yelow and litle: a toade stoole*), fungus (*A toadstoole or mushrome*); spongia (*A sponge* . . .), tuber (*A puffe growing on the ground like a mushrome or tadstoole* . . .). Cf. *bolg(án) belc(h)e* s.v. *belc(h)e* DIL; *bolgán béice* Ró, FFG, ÓD, etc.
- béacán**, boletus, fungus, spongia, tuber (Béarla s.v. **béac**), pruniola (prunioli) (*Small mushrommes*); **béacán biorach**, boletus (Béarla s.v. **béac**). *Beacán* Sh, ÓN, ÓR, ÓD, FGB, APA.
- beanlomán**, arbor aridia [*sic*] (< *aria, arbor hiemis initio fructificans, materia, tam dura, ut necesse fit prius quam terebretur aqua eam macerari* FG) Cf. id. 'a large branching mass of tree, rock, etc' ÓD; 'a branching log' FGB.
- beathóg**, betula (*A birch tree*). id. ÓD. Cf. *beithe* DIL. Thug ÓN 'a beech tree' air agus lean Sh, ÓR, é.
- bhigheal**, viola (*A violet*). *Bighilead* Ld(CV). < Béarla. Gaelaíodh é mar leanas: *bíodh a-leithid* W, ÓR, AÓS; *bíodh-a-leithéid* ÓD. [Cf. an Gaelú a rinneadh ar 'fumitory' mar seo *fuaime-turaig* ÓBr, Sh; *fuaim an tsiorraigh* W, ÓR.]
- biolar sagsanach**, cardamum (*Garden cresses*).
- biorraide**, surculus (*A young set, or slíp, a young graffe, a science, a shoot, a young twig or branch*), vimen (*A rod, a wicker, an osier, a twigge which windeth and is pliant to make things of*). id. 'an osier or twig' Ld, ÓBr, Sh; *biorroid*, *biorrog*, 'an osier or twig' ÓN.
- biorrós**, nymphaea (*A water lilly, a water rose* . . .). id. Ld; *biorros* ÓN, ÓBr, Sh, ÓR; *biór-rós* FGB. Cf. *Bior-rós froig*, *Hydrocharis morsus-ranae, frogbit* APA. < *bior* (.i. *uisge* MÓC) + *rós*.
- bláithghreann**, pappus (*The soft downe of flowres that the wind bloweth about, as thistle downe* . . .). Cf. *greann* .i. *ulcha no fésóg* MÓC.
- bláth de lúis**, iris (*The hearb called floure deluce* . . .).
- bliochtán**, scolymus (*An artichoke, a sowthistle*). > *bliosán* Ld, ÓN (-an), Sh (-an), ÓBr, ÓR, ÓC, ÓD, FGB, DIL. (*s* in ionad *cht* de bharr an nod  $\bar{r}$  a scaoileadh go mícheart). *Bliutan* Thr.
- bocán biorach**, tuber (*A puffe growing on the ground like a mushrome or tadstoole*). Cf. *bocan beragh* Thr; *bocan bearach* ÓN2 (s.v. 'mushrome'), Sh; *bucán*, 'a toadstool'; *bucán bearach*, a mushroom RG; *bacán bearraigh*, *b. bearach* ÓD s.v. *bacán*; *beacán bearraigh*, *b. bearach* (Don[egal]) ÓD s.v. *beacán*; *beacán bearraigh*, 'toadstool' APA. Féach freisin *béacán biorach* s.v. **béacán**.

- bogdhraighean**, luma (*A kinde of thornes growing in meadows and moist places*).
- boghluachair**, *iuncus laevis* (*The smooth rush, the rush whereof watching candles are made, the marsh rush*), *mariscus* (*A kinde of bulrush, etc. vid. iuncus laevis*); *scirpiculus* (*A little bulrush . . .*). id. Zoil (s.v. *iuncus*), Sh, ÓD, FGB, etc.
- boidheán**, anthera ('. . . fós an boidheán do bhíos i lár rósa') (. . . also the yellow seeds in the middle of a Rose FG). Cf. *buidén*, 'buttercups' DIL; *buidhan*, 'wild merigilds' FAD; *buíán* (*buí*), 'corn marigold' FGB, APA ['buttercups' san aistriúchán ach 'Some kind of yellow flower' i bhfonóta ag eagarthóir an téacs (in *Ériu* 4 (1910) 104) ar baineadh sampla DIL as].
- boigeún**, *iuncus* (*A bulrush*); **b. beag**, *scirpiculus* (*A little bulrush . . .*); **gach . . . boigeún**, *sirpi* (*flagges or wilde rushes . . .*). id. Ld; *beug auhuin*, *buig ouin* Thr; *boigiun*, ÓN, Sh; *boigiún* ÓR; id. = *bogshifín* FGB. Cf. *boicshimín* DIL.
- bolgán béaca**, **b. béice**, tuber (*A puffe growing on the ground like a mushrome or tadstoole*). Cf. *bolgan beike*, 'truffles, trubs' Thr; *bolgán béice* ÓD, Ró, FGB, APA; *bolg(án) belc(h)e* DIL s.v. *belc(h)e*.
- braoilleán**, *lolium* (*A vitious graine called ray, darnel or tares which commonly groweth among wheat . . .*). *Breoilean* Ld, *breoilean*, *braoilleán*, *braoidhileán* ÓN; *breóileán* vulg. *braighleán* ÓBr, ÓR; *breoillian* 'darnel' Sh; *bruilleán*, 'a vetch, a small pea' ÓR.
- [**brasal**]: **crann no maide brasail**, *acanthinum lignum* (*The Brazel tree or Brasil wood* FG).
- bréandraighean**, *cornus* (*A tree called dogge tree . . .*). Cf. *brean droin* Zoil s.v. *oliva*; *brenedrian* K; *bréandraoin* ÓN.
- breispinginn**, *glecon* (*Orgamant or penyriall*). Féach freisin **riphinginn**, **penearoigheal**.
- briún**, *bryonia* (. . . *Brionie or wilde neppe*).
- broimfhéar**, *phasgadion* (*The hearb gader or swordgrasse*). Cf. *bruim fher* Thr; *brimere*, *bruimfher* K; *brimfhear*, *bruimfhear* ÓN. *Broimfhear* coitianta sa chaint. Peadar Ó Conaill (c.1826) an t-aon fhoirse atá le *broim-fhéar* in DIL s.v. *broimm*.
- bros**, *clumae* (*Barlie huskes*). Cf. *Brus*, *bruscar* DIL.
- brúm**, *genesta* (*Broom* FG), *genista* (. . . *it is taken for Broom* FG); **b. beag**, *brúimín* *genistella* (*Sweet Broom, Heath or Ling* FG); **gné bhrúim**, *spartum* (*A kind of broom . . .*). *Brum* Ld, Sh, ÓBr, ÓR.
- buaille**, *nymphaea* (*A water lilly, a water rose, yellow and white, nenuphar*). *buail-lile* ÓD, FGB, APA. > *buailite* Sh, ÓR, ÓC, Cam. < *bual* (.i. *uisge MÓC*) + *lile*.
- buille béaca**, *acar* (. . . *a toadstool or mushroom* FG), *boletus* (*A mushrome, yellow and litle; a toade stoole*), *spongia* (*A sponge . . .*); **boille béaca**, *fungus* (*A toadstoole or mushrome*); **buille béaca**, **ag fás as fréamach crann**, *pezita* (*A mushrome growing on the roots of trees*); **buille béice**, tuber (*A puffe growing on the ground like a mushrome or tadstoole . . .*). Cf. *bal beike* Thr.
- buirnet** (*mar a dearthar do ghnáth*), *sanguisorba* (*The hearb burnet*). Cf. *buirnéad* APA.
- caba ghisáin**, *scabiola* (*The hearb scabious*). Cf. *caban guisain* Thr; *gob gissane* K; *cabán guiseáin* ÓN; *cobán gusain*, *goib geasáin* ÓN2 s.v. 'scabious'; *caba deasain* ÓR; *cab an ghasáin* FGB, APA, CPÉ.
- cadtluibh**, *gnaphalium* (. . . *cudwourd*). id. Ld; *cad-luibh* ÓBr, Sh; *catluibh*, *cadhluibh* ÓR, ÓD; *cadhluibh* = *cáithluibh* FGB; *cáithluibh*, 'common cudweed' APA, CPÉ; *catluibh*, 'mountain everlasting' APA, CPÉ. *Cad* < *cud* ag Pl. Aistriú ar 'chaffwort', ainm eile ar chineál 'cudwort', is ea *cáithluibh*.
- cafar**, *cappari*, *caparis* (*The fruite Capers*).
- cailgeog**, *pyxancantha* (*The barbarie tree*).
- cailtearnach**, *frutetum* ('*A place where great hearbes grow with bigge stalks; a young grove or orchard*). id. 'a place where shrubs grow' Ld, ÓBr; *cailtearnach* 'a shrubby place' Sh. Cf. *coillearnach* 'a woody place' Sh, ÓR (< Sh), ÓD (Sc[otch]); 'a woody tract, woodland' FGB.

- caisceóghán** (.i. 'luibh do lagaigheas no do chuireas ceo ar na súilibh'), corambe (*A certaine hearbe which maketh the eyes weake and darke of sight; coleworte*).  
< *cais* (.i. súil MÓC) + *ceó* + *án*.
- cál**, *apiana brassica* (*Crumpled or jagged coleworts* FG), *brassica* (*Bolewortes* [Colewortes], *cabbages*), corambe (. . . coleworte). *Cál* go coitianta i gcanúintí Uladh. Féach freisin LASID I, 72; CCTC 47.
- calgar**, **calgarnach**, *carectum* (*A sedge bush; a place where sedge doth growe*).  
< *calg* + *-ar*, *-arnach*, iarmhír cnuasainm.
- calgbhrúdhm**, *ruscus* (*A certain rough and prickled shrub, whereof they make burshes* [sic] or *beesomes; butchers broome or knee houlme*). *Calgbhruidhin* Ld; *calgbhruidhan* Sh; *calgbhrudhan* ÓR; *calgbhrudhainn* Dw. < *calg* (*colg*) + *brám* 'broom'.
- calgras**, *ruscus* (Béarla s.v. *calgbhrúdhm*). < *calg* + *ras* (*ros*).
- calluibh**, **callus**, *mandragora* (*The Mandrake: the temperature thereof is verie cold, and therefore it is used to cast men into deep sleepes . . .*). < *cal* (.i. *codladh* MÓC) + *luibh/lus*.
- calrós**, *papaver* (*Poppie or chestoule*). < *cal* (.i. *codladh* MÓC) + *rós*.
- caoch na gcearc**, *alterculum* (*Henbane*), *apolinaris* (id.); *cassilago* (?); *dioscgamus* (id. FG); *fabulonia* (id. FG), *fabu suilla* (id.), *hyoscgamus* (id.). *Caoch* > *cloch* 'henbane' Ld, ÓN, ÓBr, Sh, HSD, ÓR. Cf. *Keogh na Geark* Thr. Luibh nimhneach ag cearca. Chaochfadh sé iad (?).
- caol fáil**, *urtica minor* (*The small nettle* FG). Cf. *caol fail* Thr; *caolfail* ÓN, Sh; *caolfháil* ÓR; *caol-fail* 'goosegrass' ÓD; *caol-fail* < *caol* 'slender' + *fáil* 'spite', 'malice', mar iarracht sanasaíochta ag Cam. Cf. *Cúl fáith* /ku'la:ix'/, /ku:l'fai:/, etc., etc. LASID I, 249; *cúl faiche* RG; *cúl fáich*, *fathaigh* = *cúl faiche* FGB; *coll faithche* CCTC; *coolfaugh* Hart.
- caomhfraoch**, *brya* (*A little bush or heathe . . .*). < *caomh* (.i. *beag* MÓC) + *fraoch*.
- caonúr**, *gossypium* (*The tree that beareth cotton; also cotton*), *grossapina* (*Cotton*). Cf. *canúr*, *caonúr* Ld; *canúr*, *caonar* ÓBr, ÓR; *canar*, *caonar* ÓN; *caonar* ÓD; *canúir* = *cainniúr* FGB.
- carrán**, *conjugulum* (*Ropeweed, withwind, weedwind or bindweed* FG); **carrán do fhásas a measg lín**, *epilinum* (*Dodder which groweth about flax* FG); **carrán do fhásas a ttimchioll na tíme**, *epithymon* (*A weede that groweth winding about thime, withwind . . .*); *elatine* (*A weede growing among corne like to withwine, called Running, Buckweate, or Bindcorne*); **carrán a narbhar**, etc., *scandulaca* (*A weede that windeth about corne, chokeweek, rapeweed or weed bind*). Cf. *cárran*, 'a weed' Ld; *carran* ÓBr, Sh; *carrán* ÓR; id. 'scurvy-grass' FGB; *carrán* (*creige, sléibhe, muirise, beag*) s.v. *cochlearia* CPÉ. Cf. *curran lín*, 'spurry' Thr; *corrán lín*, 'corn spurrey'; *c. croipleach*, id. (Don[egal]); *c. cuiscrighe*, 'a weed' (Ros[ses]); *c. buidhe*, 'charlock'; *c. casta*, 'great bindweed' ÓD. *Corrán cripleogach* RBÉ 987, lch 128; *c. cuisreogach* RBÉ 991, lch 47 (Teileann). [Féach N. J. A. Williams, 'Some Irish plant names' in *Sages, saints and storytellers: Celtic studies in honour of Professor James Carney* (eag. D. Ó Corráin et al., Maynooth 1989) 449–62, lgh 450–53, mar a bpléann sé bunús na bhfocal *corrán lín*, *c. cuiscreach*, *c. croipleach*.]
- cearbháigh**, *caros* (*Of the Apothecaries carvi, the hearb Caret, some call it Carawaies*). Cf. *cearbhas* FGB, CPÉ.
- céis chrainn**, *filicula* (*Ferne on trees, wal ferne, polipodie*), *polypodium* (*polipodie* or *oke ferne*). Cf. *ceis fá chrann*, 'honeysuckle' Thr; *ceis fo chrann*, 'woodbine' ÓN; *ceis chrainn* Sh; *ceiscran* 'spleenwort' FAD; *céis-chrannda* ['Name of plant'] GWSU.
- cláraedh**, *hera* (. . . *the herbe clarie*); **cláiri**, *centrum galli* (. . . *clary*); **cláraedh** [iomráll litrithe], *gallitricum* (vid. *galli centrum*) (*clary* . . . FG). < Béarla 'clary'.
- cnú comhra**, *carysticon* (s.v. *caryon*) (*A nutmeg*); **cnú chomthra**, *nux adonata* (*A nutmeg*). [Bhí (agus tá) an dá inscne ag *cnú*.]



- cnú francach**, caryon (. . . *a walnut* FG). 'Chestnut' atá mar aistriú ag DIL agus dhá shampla ann, ceann acu is ea **cnú francach** *chestnut*, R[evue] C[eltique] 9 (1888) 226 § 23, ach ní san ionad sin atá sé ach in *RC* 9 (1888) 238 § 177 agus 'walnut' an míniú atá ansin air. As an SeanTiomna (Gin. 30:37) an dara ceann, agus tá amhras éigin i dtaobh an chrainn atá i gceist ansin. Tá 'plane tree' i gcuid de na haistriúcháin Bhéarla in áit 'chestnut tree' – agus 'plána' sa m*Bíobla Naofa* (1981). 'Walnut' é ag Zoil, Ld, ÓN, ÓD, etc. Cf. French nut = walnut (OED). Féach freisin **gallchnú**.
- cnú gheanmnaidh**, *castanea* (*A chestnut* . . .); **cnú gheanmnaidh thalmhaidh**, *bulbocastanum* (*The earth Chestnut or Pignut* FG). *Cno gheanmnaidh* Ld; *cnú gheanmnach* ÓN; *cnó geanmnaidhe* ÓD. Samhlaíodh gur ón Laidin 'castus' an chéad mhír. Féach freisin **crann geanmnaidhe**, **geainmeo**, **geanmchnú**.
- cnú ghréagach**, *amygdala* (. . . *an almond* FG), *Thasia nux* (*An almond*). < 'nux Graeca', ainm eile ar 'almond'. Cf. *cnó Greugach* Cam.
- cód**, *resina* (*Rosen, all like gumme running out of trees*). < Béarla 'code' (= 'pitch, cobbler's wax', OED).
- coimbhile**, *cornus* (. . . *Dogge-tree*). id. 'dogberry tree' Ld, ÓN, ÓBr, Sh, ÓR, ÓD.
- coineo**, *cornus* (. . . *Dogge-tree*). id. Ld, ÓBr, Sh, ÓR. < *cú* + *eo* (.i. *crann MÓC*).
- coinnleog**, *calamus* (*A reede; a wheaten or oaten straw* . . .). Cf. *cainleóg*, 'a stalk, a bud' s.v. *coirlín* ÓBr; *coinleog*, 'a bud, stem, stalk' ÓR; *coinnleog*, 'a stalk, a bud, a stem, a stubble . . .' ÓD; *coinleog* FGB s.v. *coirlín*.
- coirnil**, *cornus* (. . . *dogge-tree* . . .). Cf. *crann coirnel* Sh, ÓR; *crann coirnéil* ÓD. [coiseog]: **lán de choiseogaibh**, *ulvovus* (*Full of reeds or weeds* FG). Cf. *coiseog* 'a straw with the seed on' ÓN; 'a stalk of hay or corn with the seed on it' ÓR; 'a stalk (as of hay, corn, etc.), a straw . . .' ÓD; *caiseag* Sh. Dispeagadh ar *gas* is ea *guiseóg*, '. . . a stalk (?)' DIL. [Tá neart fianaise ar an bhfocal *coiseog* in Éirinn agus in Albain: féach C. Ó Baoill, *Contributions to a comparative study of Ulster Irish and Scottish Gaelic* (Béal Feirste 1978) 26 etc.]
- choisgearnach**, *carectum* (*A sedge bush, a place where sedge doth growe*); **gné choisgearnach mara**, *locháin no curraigh*, *ulva* (*Reeke or weede of the sea: seagrass*); **lán do choisgearnach**, *ulvovus* (*Full of reeds or weeds* FG). Cf. *cuisgirnah*, *arundo* Thr; *cuisgearnach* ÓN2 s.v. 'common reed'.
- colbh**, *culmus* (*Reede, the stemme or straw of corne from the roote to the eare*), *stirps* (*The roote, stem or stalke of a plant tree or hearbe* . . .); **colbh luibhe ó fhréimh go barr**, *festuca* (*The young tender sprig, stemme or stalke of a tree or hearbe from the roote upward* . . .); **colbh phónra**, *fabale* (*Beane strawe or stalke*). *Colbh* 'a post or pillar; also the stalk of plant' Ld, ÓBr; 'a stem or stalk' ÓR. Cf. *colba*, '. . . pillar, post' DIL.
- colbhort**, *caulis* (. . . *colewort*), *corambe* (. . . *colewort*); **colubhart**, *brassica* (*Cole or coleworts* FG); **colúrt**, *apiana brassica* (*crumpled or jagged coleworts* FG). *Colubhart* Ld; *colubhairt* ÓN, Sh; *colúbhaird* ÓBr; *colúbhairt* ÓR.
- collatán**, *mandragora* (. . . *mandrake* . . . FG); **codlatán**, *papaver* (*Poppie or chestoule*). *Codlainan* Ld; *codhlán* ÓN, ÓR; *colladin* K; *collaidín* ÓN; *codlaidín* ÓD, APA, CPÉ.
- collchnú**, *avellana* (*A filberd nut*); **collchna**, *carica pontica* (*Filberds or hasle nuts*). id. ÓBr, ÓR; *collchnu* Sh, ÓN; *collchnó* ÓD.
- comann miolla**, *anthemis*, *chamaemelum*, *leucanthemis* (. . . *camomil*(l)). Cf. *comain miull* Zoil; *coman meall* ÓN; *coman mionla* W, ÓR; *coman mille*, *comanmíle* FAD; *camán meall*, *c. mionla* FGB, APA. Cf. *camamil* DIL.
- comann searraigh** (*mar a dearthar go coitcheann*), *capnon*, *chelidonium parvum* (. . . *fumitorie*); *fumaria* (*fumintorie or earthsmoke*). id. 'pilewort' Ld s.v. *searraigh*; *cuman searraigh* Thr, *cummansharry* K; *comán searraigh*, 'pilewort' ÓBr; *comann searraigh*, 'foal's favorite' ÓD; *camán searraigh* FGB, APA.
- conbhaiscne**, *cornus* (. . . *Dogge-tree*). id. 'dog-berry tree' Ld, ÓBr, ÓN, Sh, ÓR, ÓD, APA, CPÉ. < *cú* + *baiscne* (.i. *bile MÓC*).

- cos ghéadha, chenopus (*A goose foote, also an hearb like unto it*). Cos gé ÓN; cos ghé ÓD, FGB; *lus coise gé* ÓD, FGB, APA. Féach freisin géadhchos.
- crainnbhéac, pezita (*A Mushrome growing on the rootes of trees*). Féach freisin béac.
- crann bairbeiri, crespinus (crispinus) (. . . *Barberry tree*); id. (*mar a dearthar go coitcheann*), pyxacantha (*The Barbarie tree*).
- crann balás, prunus (*A damsen or plum tree . . .*).
- crann balma, bailme no balsama, balsamum (*The baulme tree*). Féach freisin balmóg.
- crann barbras, berberis (*The barberry tree* FG). Féach freisin barbróg.
- crann beag coirnile, corneolus (*A little corneile tree*). Féach freisin coirnil.
- crann cadáis, gossampinus (*A tree bearing cotton*).
- [crann caraibe]: toradh an chrainn caraibe, siliqua (*The fruit of the carob-tree* FG).
- crann cufair, crann cuiphreasa, cupressus (*A cypress tree*). Féach freisin cufar, cufróg.
- crann daimsin, prunus (*A damsen or plumb tree . . .*).
- crann dearmaid, lotus (*The lote tree, of the fruits thereof if a man doe eate incontinent, he forgetteth his owne countrie*).
- crann geanmnaidh, castanea (*A chestnut tree*). Féach freisin cnú gheanmnaidh.
- crann láibhre, crann lábhra, baccalia (. . . *common bay tree or laurell*). Féach freisin láibhreog.
- crann lóite, lotus (*The lote tree . . .*). Féach freisin lóit, lóiteog.
- crann madaidh, cornus (. . . *Dogge-tree . . .*).
- crann maistige, lentiscus (. . . *the lentiske or masticke tree*). Féach freisin maist-eog.
- crann peirseadh, persica malus (*The peach tree* FG).
- crann piche, picea (*A tree whereof pitch rosin doth drop*).
- crann pionais, pinea (. . . *pine tree*). Féach freisin pionas, pionóg.
- crann piorra, pyrus (*A peare tree*). id. ÓN2 s.v. 'pear tree'.
- crann plumadh, prunus (*A damsen or plumb tree . . .*).
- crann poibheil, populus (*The poplar tree . . .*). Crann pobhuil ÓR.
- crann tairbhinte, terebinthus (*A tree out of which issueth a gumme called commonly Turpentine*). Féach freisin tairbhint.
- crann téileoige, tilia (. . . *the Linden or teyll tree . . .*). Crann teileoge Ld, ÓBr, ÓD.
- crann tíle, tilia (. . . *the Linden or teyll tree . . .*). Crann teile DIL, ÓBr, Sh, ÓR, ÓD.
- crann chaon, bryon (*Mosse or mossenes of trees*).
- crannhort, arboretum (*A parke; a grove; an orchard*).
- críoch, críochán, dume(c)tum (*A ground full of bushes and brambles*), rubetum (*A bushie close full of brambles or a place where many bushes grow*). id. Ld; *críoch*, a copse or grove ÓR. An bhrí chéanna i gCois Fharráige, e.g. *crích*: 'áit sceaachach dhriseach . . .'; *crícheannaí*: 'sceaacha, driseachaí' (*Éigse* 22 (1987) 108).
- crócha: c. bastairt, amyrum (*Bastard saffron* FG), carthamus (*Wild Saffron* FG); c. fiadháin, amyrum, colus rusticus (*Wild Bastard Saffron* FG); c. garrdha, cnicus (*Saffron of the garden, . . .* FG). cróch DIL.
- cruadhluachair, iuncus acutus (. . . *the hard or sharp rush*). Cf. *cruaighluachair*, 'iuncus (habet parvam medullam)' Zoil; *crualuachair*, 'dwarf club-rush' FGB; *crualuachair bhiorach*, 'bristle club-rush' CPÉ; *luachair chrua*, 'hard rush' APA.
- crúba cait, bacchar (*Ladies gloves . . . Apothecaries [call it] Marrubium nigrum*). Cf. *crubinkitt*, 'wild melilot' K; *cruibín cait* 'a little yellow flower' ÓN; *croobeen cut* Hart; *crúibín cait*, 'wild melilot' ÓD; *cruibín cait* 'ribbed melilot' APÉ.
- cruithneacht geirrfhaidh, lagopus (. . . *a kind of Trefoyl, herb Trinity or Trinity grass: some call it Hare-cummin. It is commonly called by Physicians Hare-foot, because it hath the top like the foot of an Hare* FG).

- cufar**, cupressus (*A cypress tree*). id. Ld, ÓN, Sh, ÓBr, ÓR. Cf. *cuipris* DIL.
- cufróg**, cupressus. *Cufrog* Ld, ÓN, Sh, ÓR; *cufróg*, ÓBr, ÓD, FGB, APA. Cf. *cuipris* DIL.
- cuigéal mhná sighe**, ulva (*Reeke or weede of the sea, seagrasses*). *Coigéal-na-mban-sighe* 'great cat's-tail, reed-mace, typha latifolia' ÓR; *coigéal na mban sídhe* ÓD; *c. na mb. sí* 'reed-mace, cat's tail' FGB, 'bulrush, reed-mace' APA.
- cuisle aebheadh**, hepatica (. . . *liverwort, some think it to be Agrimoniae*). *Cuisle abheadh* Ld; *c. aibheach* ÓN; *c. abeadh* ÓBr. *Gin. iol. de ae is ea aebheadh* (?).
- cutharlán**, cepae (*An onion*). *Clutharán*, tuber terrae Zoil; *cutharlan*, 'pignut' ÓN; *curralán*, *clorán* s.v. '(earth) chestnut' ÓN2; *currlan* Thr; *cutharlán*, 'an onion, earthenut or pignut' ÓBr; *cutharlán*, 'any bulbous rooted plant' agus *cnutharlán* 'pig-nut' ÓR; *cutharlán*, *clorán*, *cúlarán* s.v. *cnó agus prátaí clúracáin* or *lur-cáin*, 'pignut' s.v. *práta* ÓD; *cúlarán*, *cúralán*, 'pignut' APA. Cf. *cularán*, '. . . cucumber'; agus *curar* '. . . pignut . . .' DIL.
- daimseog**, prunus (*A damsen or plumb tree . . .*). Cf. *daimsíneog* ÓN.
- daimsín**, brabylum prunum (*Damsen*), damascenum prunum (*A Damask prune or Damesen* FG), prunum (*A prune or damsine . . .*). *Daimsín*, 'a damson-plum' Ld, ÓBr, Sh; *daimsín* ÓN, ÓR, ÓD, FGB.
- dair Iarúsailéime**, ambrosia (. . . *oak of Jerusalem* FG).
- darabhall**, galla (. . . *galles or Oak-apples which are found growing among the oaken leavs* FG). *Darabhal* Ld, ÓBr, ÓR; *darabhall* Sh; *darubhall* ÓD. Cf. *ubhall duilli na darach* s.v. *dair* DIL.
- daróg**, quercus (*An oke*), robur (*Oke of the hardest kinde*). id. Ld, ÓN, ÓBr, ÓR, ÓD, FGB; RBÉ 1034, lch 276 (Teileann). *Daróc* DIL, ach is é Ld an fhoinsé is luaithe aige leis.
- dathogh**, aconitum (*A venomous hearb . . . Libardine, . . . woolfbaine*). *dahow duh*, 'helleboraster', *dahow ban*, 'oenanthe' Thr; *dathough*, *dahow* K; *dahodh* ÓN; *datho* FAD; *dathabha* ÓR, FGB, CPÉ; *tathaba* s.v. *athaba* DIL; *áthabha* s.v. *táthabha*, *dáthabha* ÓD.
- donndraighean**, cornus (. . . *Dogge-tree . . .*). Cf. *droigin duind* s.v. *draigen* DIL; *draighean donn* FGB, APA.
